

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?

- sa leabhrán "Imdhíonadh do Linbh – Treoir do Thuismitheoirí"
- sa bhileog a tugadh le linn sheiceáil sé seachtaine do linbh
- ar líne ar ár suíomh gréasáin www.immunisation.ie

Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil faoin na vacsaíní a úsáidtear?

Is féidir an t-eolas sin a fháil sa bhileog eolais d'othair (BEO) agus san Achoimre ar Shaintréithe Táirgí (AST). Tá sé ar fáil chomh maith ar na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

- www.medicines.ie
- www.hpra.ie/homepage/medicines
- www.ema.europa.eu/ema/

Ní mór ainmneacha na vacsaíní a bheith ar eolas agat chun na suíomhanna gréasáin sin a chuardach. Tá ainmneacha táirge na vacsaíní go léir ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag www.immunisation.ie

Tá gach vacsaín a bhíonn in úsáid ag FSS ceadúnaithe ag an Údarás Rialála Táirgí Leighis agus ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach.

Cúig chuairt ar do dhochtúir ginearálta le bheith vacsaínithe go hiomlán

Caithfear do leanbh a thabhairt ar **chúig** chuairt chuig do dhochtúir ginearálta chun an cúrsa vacsaíní a chríochnú agus chun go mbeidh sé/sí cosanta go hiomlán ar ghalair thromchúiseacha. Cuimhnigh ar phas imdhíonta do linbh a thabhairt in éineacht libh gach uair.

يمكن تنزيل هذه النشرة بالعربية من الموقع www.immunisation.ie

Cette brochure peut être téléchargée en français sur www.immunisation.ie

Dieses Merkblatt können Sie in deutscher Sprache von der Website www.immunisation.ie herunterladen

Este folheto está disponível para download em www.immunisation.ie em português

Ta broszura jest dostępna w witrynie www.immunisation.ie w języku polskim

Acest prospect este disponibil pentru descărcare în limba română de pe www.immunisation.ie

Эту брошюру на русском языке можно загрузить с веб-сайта www.immunisation.ie

可从 www.immunisation.ie 下载本宣传单对应语言版本。



Tá na vacsaíní molta go léir atá liostaithe sa phríomhscéideal imdhíonta óige le fáil saor in aisce in Éirinn.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.immunisation.ie

Arna fhoilsiú ag: Oifig Náisiúnta Imdhíonta FSS
Dáta foilsithe: Deireadh Fómhair 2016
Cód Ordaithe: HNI00928

Tús eolais faoi Imdhíonadh do **Pháiste**

Do leanaí a rugadh an **1 Deireadh Fómhair 2016** nó ina dhiaidh sin



www.immunisation.ie

Comhghairdeas leat faoi bhreith do linbh.

Tugtar eolas duit sa bhileog seo ar an imdhíonadh a thairgfear do do leanbh sna 13 mhí amach romhainn. Tá an t-imdhíonadh seo tábhachtach chun do leanbh a chosaint ar ghalair thromchúiseacha.

Léirítear na vacsaíní a thairgfear do do leanbh sa tábla thíos:

Aois

Vacsaíní

2 mhí	Cuairt 1 6 in 1+PCV+MenB+Rótavíreas 3 instealladh + braonta béil
4 mhí	Cuairt 2 6 in 1+MenB+Rótavíreas 2 instealladh + braonta béil
6 mhí	Cuairt 3 6 in 1+PCV+MenC 3 instealladh
Ní thugtar vacsaín rótaivíris ag 8 mí 0 lá nó ina dhiaidh sin	
12 mhí	Cuairt 4 MMR+MenB 2 instealladh
13 mhí	Cuairt 5 Hib/MenC+PCV 2 instealladh

6 vacsaín in 1 cheann amháin	Diftéire, Haemophilus influenzae b (Hib), Heipitíteas B, Triuch, Póilió agus Teiteanas
PCV	Vacsaín níumacocúil chomhchuingeach
MenB	Ionfhabhtú Meiningeacocúil B
MenC	Ionfhabhtú Meiningeacocúil C
Rótavíreas	Vacsaín bhéil rótaivíris
BLBD	Bruitíneach, Leicneach, Bruitíneach Dhearg
Hib/MenC	Vacsaín chomhcheangailte Haemophilus influenzae b + Ionfhabhtú Meiningeacocúil C

Má tá tuilleadh eolais uait, féach ar www.immunisation.ie

Nuair a thabharfaidh an tAltra Sláinte Poiblí cuairt ort sa bhaile, tabharfaidh sé/sí leabhrán duit dar teideal “Imdhíonadh do Linbh – Treoir do Thuismitheoirí”. Léigh an leabhrán sin go cúramach agus coinnigh sábháilte é. Tá cuid mhór eolais ann faoin imdhíonadh a thairgfear do do leanbh sna 13 mhí amach romhainn.

Tá maighnéad i bpóca cúil an leabhráin ar a léirítear an sceideal imdhíonta. Is féidir leat é sin a chur in áit a mbeidh sé le feiceáil leis na vacsaíní atá de dhíth ar do leanbh a chur i gcuimhne duit.

Tá pas imdhíonta sa phóca cúil chomh maith. Tugann tú an pas seo in éineacht leat ar gach cuairt agus scríobhfaidh an t-altra sa chlinic síos na vacsaíní atá faighte ag do leanbh.

Coinnigh an pas imdhíonta seo in áit shábháilte agus tabhair chuig na coinní go léir é ionas gur féidir é a chomhlánú agus a choinneáil cothrom le dáta.

Céard a tharlóidh ina dhiaidh sin?

Tabharfar bileog duit le linn sheiceáil sé seachtaine do linbh ina bhfuil tuilleadh eolais faoi imdhíonadh do linbh.

Scríobhfaidh FSS chugat agus iarrfar ort socrú a dhéanamh cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta don chéad cheann de do chúig chuairt. Mura bhfaigheann tú scéala ar bith ó FSS, ba chóir duit socrú a dhéanamh cuairt a thabhairt ar do dhochtúir ginearálta nuair a bheidh do leanbh dhá mhí d’aois.

D’fhonn an chosaint is fearr a chur ar fáil do do leanbh, tá sé tábhachtach go bhfaighidh sé/sí a vacsaíní go léir in am.



An bhfuil cead agam rud ar bith a thabhairt do mo leanbh sula ndéanfar vacsaíniú air/uirthi?

Tá cead agat bainne a thabhairt do do leanbh roinnt nóiméad roimh an vacsaíniú. D’fhéadfadh sé sin cabhrú leis an bpian a laghdú san áit a ndéantar an t-instealladh.

Céard a tharlaíonn roimh an imdhíonadh?

Sula mbeidh do leanbh imdhíonta, déanfaidh an dochtúir nó an t-altra sa chlinic deimhin de leat go bhfuil sé/sí ar fónamh agus gur féidir vacsaín a thabhairt dó/di. Má tá aon bhuarthaí ort nó má tá ceisteanna agat faoi imdhíonadh do linbh, cuir ceist ar an dochtúir nó ar an altra sa chlinic sula dtabharfar an vacsaín don leanbh.

Is beag fáth atá ann nach ndéanfaí vacsaíniú ar do leanbh

Tar éis imdhíonadh

D’fhéadfadh cos do linbh a bheith tinn nó fiabhras a bheith air/uirthi tar éis an vacsaínithe.

Seans go gcuirfidh an vacsaín MenB a thugtar ag 2 agus 4 mhí fiabhras ard ar do leanbh.

Molaimid duit trí dháileog 2.5 ml (60 mg) de pharaicéiteamól leachtach naíonáin a thabhairt do do leanbh. Laghdóidh sé sin an fiabhras.

Ná tabhair paraicéiteamól naíonáin do do leanbh sula rachaidh tú chuig lialann do dhochtúra ghinearálta.

Ní gá duit paraicéiteamól naíonáin a thabhairt go rialta dó/di ag am a (h)insteallta ag 6, 12 agus 13 mhí d’aois ná díreach ina dhiaidh sin. Mar sin féin, má tá do leanbh trína c(h)éile nó má tá fiabhras ard air/uirthi, féadfaidh tú cuid mhór leachtanna agus paraicéiteamól naíonáin nó iobúpróifein naíonáin a thabhairt dó/di.

Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta, d’altra nó d’altra sláinte poiblí chun tuilleadh comhairle a fháil.